Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Márta 2026**
**(OR. en)**

**7020/26**

**ENV 195**
**CLIMA 108**
**ENER 109**
**TRANS 125**
**IND 168**
**COMPET 285**
**MI 216**
**ECOFIN 292**
**DELACT 45**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 5298/26 + ADD 1 |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE).../... ÓN gCOIMISIÚN an 13.1.2026 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1122 a mhéid a bhaineann le feidhmiú Chlárlann an Aontais i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<br>- Rún gan agóid a dhéanamh |

1. Chuir an Coimisiún an gníomh tarmligthe thuasluaite[1] faoi bhráid na Comhairle i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 290 CFAE agus go háirithe Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2018/841 maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat 2030 don aeráid agus don fhuinneamh.[2]

2. Thug an Coimisiún fógra faoin Rialachán Tarmligthe seo an 13 Eanáir 2026; féadfaidh an Chomhairle, dá réir sin, agóid a dhéanamh ina choinne go dtí an 16 Márta 2026.

[1] 5298/26 + ADD 1.
[2] IO L 156, 19.6.2018, lgh. 1–25.

3. Scrúdaigh an Mheitheal um an gComhshaol an gníomh tarmligthe ag an gcruinniú a bhí aici an 4 Márta 2026. Léiríodh sa phlé a rinneadh ag cruinniú na Meithle um an gComhshaol nach gá agóid a dhéanamh i gcoinne an Rialacháin Tharmligthe seo ná síneadh a chur leis an tréimhse scrúdaithe.

4. Tar éis don tréimhse agóide 2 mhí dul in éag – agus mura gcuirfidh Parlaimint na hEorpa ina choinne – tabharfaidh an Coimisiún fógra do na Ballstáit faoin Rialachán Tarmligthe agus, gabhfaidh éifeacht leis ar an bhfógra sin a fháil.

5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) a mholadh don Chomhairle a dhearbhú, mar mhír ‘A’ ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, go bhfuil sé ar intinn aici gan agóid a dhéanamh i gcoinne an ghnímh tharmligthe agus go bhfuil an Coimisiún agus Parlaimint na hEorpa le cur ar an eolas faoi sin.